Nuacht Neachtain

Meán Fómhair, 2022.

FÁILTE!

Beatha agus sláinte! Fáilte romhat ar ais go Nuacht Neachtain – nuachtlitir mhíosúil de chuid Ghaelscoil Neachtain. Chun tuismitheoirí nua a chur ar an eolas, meán teagmhála breise é Nuacht Neachtain idir an Ghaelscoil agus tú féin mar thuismitheoir.

Cuirimid fearadh na fáilte ar ais roimh achan duine go Gaelscoil Neachtain don scoilbhliain nua 2022 - 2023. Cuirimid fáilte ó chroí roimh na páistí go léir go Naíscoil Neachtain agus ba mhaith linn fáilte ó chroí a chur roimh pháistí Rang 1 fosta. Bíonn achan duine againn ag Gaelsocil agus Naíscoil Neachtain ag obair chun foghlaim dheimhneach shona a chur ar fáil *d'achan* pháiste – is é an cuspóir atá againn ná go mbainfidh na páistí s'againne sult as a gcuid fhoghlama is go seasfaidh a dtaithí anseo leo lena linn! Tá súil againn fosta go mbainfidh tú fein, mar thuismitheoir, tairbhe as bheith linn ag Gaelscoil Neachtain. Go raibh maith agat.

BALL NUA FOIRNE

Cuirimid fáilte roimh Sarah Strawbridge go Gaelscoil Neachtain. Tá Múinteoir Sarah ag teagasc páistí Rang 3 i mbliana agus tabharfaidh sí taca d'fhorbairt an achair foghlama *An Domhan Thart Orainn*. Guímid gach rath ar Sarah.

CÓTAí!!

BÍ CINNTE, LE DO THOIL, GO gCUIRTEAR CÓTA AR SCOIL LE DO PHÁISTE <u>GACH LÁ</u>.
GO RAIBH MAITH AGAT. CUIRTEAR AINM AR AN CHÓTA, LE DO THOIL!

BAINNE

Beidh bainne ar fáil do pháistí ón Luan, 19 Meán Fómhair, 2022, go dtí An Aoine, 16 Nollaig, 2022. **£10.00 an páiste an costas bainne don tréimhse seo.** Má tá do pháiste ag iarraidh bainne a ól, cuirtear an t-airgead chuig an mhúinteoir ranga faoi **<u>10.00r.n Dé hAoine, 16 Meán Fómhair,</u>** le do thoil. Go raibh maith agat.

COSAINT AN PHÁISTE, 2022 – 2023.

Is í Fionnuala Ní Dhufaigh Múinteoir Ainmnithe do Chosaint an Pháiste. Is í Róisín Mhic Thaidhg Leasmhúinteoir Ainmnithe do Chosaint an Pháiste. Má tá tú buartha faoi aon rud, gabh i dteagmháil le ceachtar acu <u>láithreach bonn.</u>

WELCOME!

Beatha agus Sláinte! Welcome back to Nuacht Neachtain – Gaelscoil Neachtain's monthly newsletter. By way of introduction to new parents, Nuacht Neachtain is an extra means of communication between the Gaelscoil and you as parent.

We welcome everyone back to Gaelscoil Neachtain for the school year 2022 - 2023. We warmly welcome all the children to Naíscoil Neachtain, and likewise, we warmly welcome our Rang 1 children. All of us at Gaelscoil and Naíscoil Neachtain work to provide positive, happy learning for *all* our children – we want our children to enjoy their learning and trust that their experience here will stand them in good stead throughout their lives! We trust also that you, as a parent, will benefit from your association with Gaelscoil and Naíscoil Neachtain. Go raibh maith agat.

NEW MEMBER of STAFF

We welcome Sarah Strawbridge to Gaelscoil Neachtain. Múinteoir Sarah is teaching our Rang 3 children this year and will also support development in the World Around Us area of learning. We wish Sarah every success.

COATS!!

PLEASE SEND A COAT WITH YOUR CHILD TO SCHOOL <u>EVERY DAY.</u> THANK-YOU! PLEASE ENSURE CHILD'S NAME IS ON THE COAT!

MILK

Milk will be available to the children from Monday, 19th September, 2022, until Friday, 16th December, 2022. The cost for milk during this term is **£10.00 per child.** If your child wishes to take milk, please send money to the class teacher by **<u>10.00am Friday, 16th September.</u>** Go raibh maith agat.

CHILD PROTECTION, 2022 – 2023.

Fionnuala Ni Dhufaigh is the Designated Teacher for Child Protection. Róisín Mhic Thaidhg is the Deputy Designated Teacher for Child Protection. If you have any concerns, contact either <u>immediately.</u>

TOPAICí FOGHLAMA

Léitear thíos, le do thoil, na topaicí éagsúla, a bhfuil na páistí ag foghlaim faoi i dTéarma 1a, 2022 – 2023.

Naíscoil

Beidh Mí Mheán an Fhómhair iontach gnóthach againn anseo sa Naíscoil. Beidh na páistí ag foghlaim faoin scoil nua agus beidh said ag péinteáil, ag ceol agus ag súgradh i réimse dóigheanna chomh maith le aithne a chur ar an fhoireann agus ar a chéile.

Rang 1

Tá Rang 1 ag dul don téama *Mé Féin* agus daoine eile thart orthu. Tá muid ag foghlaim faoin chorp. Tá muid ag léamh scéil 'An Fear Sinséir'. Baineann na páistí an-sult as an ról-imirt.

Rang 2

Is é *Nach Iontach Mise*! an topaic atá ag páistí Rang 2 an leath-théarma seo. Déanfaidh siad iad féin agus a dtréithe pearsanta a fhiosrú agus a phlé, fiosraíonn siad cé hiad féin, aithníonn siad na rudaí is féidir leo a dhéanamh, aithníonn siad na rudaí is fearr leo, aithníonn siad cad chuige a bhfuil siad speisialta. Spreagfar na páistí le dearcadh dearfach a bheith acu ar an fhoghlaim. Beidh siad ag foghlaim fá na Chéadfaí fosta.

Rang 3

Tá Rang 3 ag foghlaim fán Fhómhar an téarma seo. Beidh na páistí ag foghlaim faoi ghach gné den Fhómhar. Beidh muid ag plé na hathruithe atá bainte leis An Fhómhar atá ag baint le nadúr, leis an aimsir agus leis na hainmhithe. Beidh na céadfaí le plé agus beidh muid ag foghlaim faoi Oíche Shamhna agus fán stair atá bainte leis an eachtra seo. Rachaidh muid ar shiúlóid dúlra agus beidh muid ag foghlaim dánta, amhráin agus déanfaidh muid ealaín an Fhómhair chomh maith.

Rang 4

Beidh páistí Rang 4 ag foghlaim faoin Aimsir. Beidh deis acu foghlaim faoi na séasúir agus na cineálacha aimsire a bhíonn againn anseo in Éirinn agus thart an domhain. Beidh deis acu chomh maith, dul ar shiúlóid dúlra.

Ranganna 5,6,7.

Tá ranganna 5, 6 agus 7 ag foghlaim fá an topaic Cineáltas agus Carthanachtaí. Beidh siad ag déanamh taighde ar na carthanachtaí áitiúla agus an tábhacht a mbaineann leo. Beidh siad ag foghlaim fá an tábhacht a mbaineann leis an chineáltas agus an chineáltas sin a thaispeáint daofa féin, do dhaoine eile agus do na charthanachtaí iontacha go rialta.

LEARNING TOPICS

Please read below the various topics children are learning about in Term 1a, 2022 - 2023.

Naíscoil

Settling in to Naíscoil. We will have a very busy September at Naíscoil Neachtain. The children will be learning all about their new school and will be painting, singing and playing in a variety of ways as well as getting to know each other and the staff.

Rang 1

Rang 1 are learning about *Myself* as a topic and about those around them. They are learning lots about their body. They learn the different body parts through stories, rhymes, action songs and various practical activities. They enjoy listening to the story ' An Fear Sinséir'.

Rang 2

Wonderful Me! is the topic for children in Rang 2 this half-term. They will explore who they are, recognising what they can do, identifying their favourite things, recognising what makes them special. The children will be encouraged to develop a positive attitude to learning. We will also be learning all about the Senses.

Rang 3

Rang 3 are learning about Autumn this term. The children will be learning about everything that is related to Autumn! We will be discussing the changes that occur in Autumn related to nature, weather and to animals. We will discuss the 5 senses and we will be learning about Hallowe'en and the history of this event. We will take a nature walk and we will also be learning poems, songs and will do art that is related to our topic, Autumn.

Rang 4

Rang 4 children will be learning about the weather. They will have the opportunity to learn about the seasons and the types of weather that we have here in Ireland and around the world. They will also have the opportunity to go on a nature walk.

Ranganna 5,6,7.

Primary 5, 6 and 7 are learning about kindness and charities. They will be researching the many superb local and international charities that play a vital role in our communities. They will explore the importance of showing kindness to themselves, others and help to support the charities in reaching their goals.

CULAITH OÍCHE SHAMHNA: RÉAMHFHÓGRA

Agus muid ag tarraingt ar Oíche Shamhna, , beidh fáilte roimh na páistí go léir 'éadaí bréige' a chur orthu ar scoil Dé Aoine 28 Deireadh Fómhair. Ag teacht le cur chuige neamhdhíoblach don timpeallacht s'againne, iarrtar ar pháistí, I mbliana, éadaí bréige a dhéanamh as earraí athchúrsála, le do thoil. Tá muid ag cur an-bhéime ar an ghné seo den athchúrsáil i mbliana – **tabharfar duaiseanna amach do na culaith is mó samhlaíoch atá déanta as earraí athchúrsála!!**

AG SOCRÚ ISTEACH

Is í mí Mheán an Fhómhair mí don socrú isteach in achan scoil ar fud fad na tíre. Mí í ina gcuireann an múinteoir ranga aithne ar na páistí (munar theagasc sé iad roimh ré) agus ina bhfaigheann sí / sé amach cá háit a bhfuil gach páiste maidir leis an fhoghlaim. Má tá ceist ar bith agat, nó buaireamh ar bith agat, sna luathlaethanta seo, iarrtar ort dul i dteagmháil, le do thoil, leis an mhúinteoir ranga chun é a phlé. Tá sé tábhachtach go ndéanann tú seo sa dóigh is go mbíonn tú cothrom do do pháiste AGUS don mhúinteoir. Go raibh maith agat.

MAOINIÚ *ENGAGE* agus AN LÉANN LEATHNAITHE

Tá maoiniú faighte againn arís don chlár *Engage* agus don Léann Leathnaithe i mbliana chun taca foghlama a chur ar fáil i mbliana. Má bhaineann sé leat, beidh an múinteoir ranga i dteagmháil leat roimh i bhfad.

MOLADH 'GLAS' na MÍOSA!

I mbliana, molfar gníomh beag amháin deimhneach chun cuidiú leis an timpeallacht. An mhí seo:

Iarrtar ort an t-uisce a thiontú as agus tú ag scuabadh do chuid fiacla. Ta sé chomh simplí sin!!

PEIL IAR-SCOILE

Toiseoidh peil iarscoile do pháistí R.5,6,7 Dé Luain, 12 Meán Fómhair, 3.00in – 4.00in. Má tá spéis ag do pháiste bheith páirteach ann, iarrtar air a ainm a thabhairt do Mhúinteoir Gearóid. Go raibh maith agat.

POLASAÍ FREASTAL

Iarrtar ar achan tuismitheoir Polasaí Feastal na Gaelscoile a léamh é a leanstan, le do thoil. Tá an Polasaí ar fail ar shuíomh na Gaelscoile. Go raibh maith agat.

EOLAS AILLÉIRGE: CÍBHÍ agus CNÓNNA

Ní cheadaítear torthí cíbhí agus cnónna ar shuíomh Ghaelscoil Neachtain. Go raibh maith agat.

HALLOWE'EN COSTUMES: ADVANCE NOTICE

As we approach Hallowe'en, children will be invited to come to school in 'fancy dress' on Friday, 28th October. In keeping with our environmentally friendly approach, children, this year, are asked to make fancy dress from recycled products, please. We are putting great emphasis on this aspect of recycling this year – **prizes will be given for the most imaginative costumes which have been made from recycled materials!!**

SETTLING IN

September is the month for settling in, in every school throughout the country. It is a month in which the class teacher gets to know the children (if they haven't taught them already) and in which she / he finds out where every child is regarding learning. If you have any questions, or concerns, in these early days, you are asked, please, to contact the class teacher to discuss them. It is important that you do this, to be fair to your child AND to the class teacher. Go raibh maith agat.

***ENGAGE* and EXTENDED SCHOOLS FUNDING**

Gaelscoil Neachtain has again received funding for the *Engage* programme and for Extended Schools this year to support learning. If applicable, the class teacher will contact you soon.

'GREEN' SUGGESTION of the MONTH

This year, one, small positive action will be suggested every month to help the environment. This month:

Please turn off the water whilst brushing your teeth.

It's that simple!!

AFTER-SCHOOL FOOBALL

After-school football for children in R.5,6,7 will begin on Monday, 12th September, 3.00pm – 4.00pm. If your child is interested in taking part, he / she is asked to give their name to Múinteoir Gearóid. Go raibh maith agat.

ATTENDANCE POLICY

All parents are asked to read, and follow, the Gaelscoil's Attendance Policy. The Policy is available on the Gaelscoil website. Go raibh maith agat.

ALLERGY INFORMATION: KIWI AND NUTS

Kiwi fruit and nuts are not allowed on the Gaelscoil Neachtain site. Go raibh maith agat.

SLÁN agus BUÍOCHAS le DENISE!

Agus croí trom orainn, d'fhág muid slán ag Denise Mhic Dhabhóc i mí an Mheithimh. Bhí Denise linn agus Gaelscoil Neachtain a bhunú agus d'óibrigh sí anseo ar feadh deich mbliana ó Mheán an Fhómhair 2012. Tá muid iontach buíoch de Denise as a cuid taca agus as a cuid dianoibre go léir thar na blianata mar mhaor tráchta, stiúrthóir lóin agus mar ghlantóir. Guímid gach rath agus beannacht ar Denise, agus ar a cúram, anois agus choíche. Go raibh maith agat, a Denise.

MAOR TRÁCHTA

Tá teagmháil déanta ag Gaelscoil Neachtain don ÚOTÉ le haghaidh mhaor nua tráchta scoile. Go dtí seo, níl tuilleadh eolais againn maidir leis seo. IARRTAR AR THUISMITHEOIRÍ, MAR SIN, CINNTIÚ BHFUIL A bPÁISTÍ SLÁN SÁBHÁILTE AGUS IAD AG TEACHT AGUS IMEACHT ÓN GHAELSCOIL. Go raibh maith agat.

CULAITH SPÓIRT *UÍ NÉILL*

Tá Gaelscoil Neachtain ag obair leis an chomhlacht *Uí Néill* chun rogha culaith spóirt a sholathar ar díol in am don Nollaig. Baintear úsáid, le do thoil, as an nasc a leanas le haghaidh tuilleadh eolais agus ordaithe – https://oneills-orders.calashock.app/registration/af2a5a965e51190d9a9ad2f5a088bd2a-938f059b4c28037396a9d2ee829e94b7 (custaiméirí nua) nó https://clubhub.oneills.com (custaiméirí aiteachta**) N.B. IS É AN AN AOINE, 23 MEÁN FÓMHAIR, 2022, SPRIOCDÁTA don UILE ORDÚ!** Go raibh maith agat.

URRAÍOCHT CHOMHAR CREIDMHEASA DHÚN GEIMHIN

Tá muid iontach buíoch de Chomhar Creidmheasa Dhún Geimhin a rinne urraíocht ar gheansaithe nua spórt na Gaelscoile. Caithfidh na páistí Gaelscoile na geansaithe nua seo agus iad páirteach sna bliotzanna, agus in imeachtaí eile sport, le linn na bliana. Tabhartas iontach flaithiúil é seo - buíochas arís don bhainistíocht agus d'achan duine ag Comhar Creidmheasa Dhún Geimhin.

CORPOIDEACHAS

Iarrtar ar pháistí brógaí spórt a chaitheamh ar laethanta a bhfuil spórt acu. Go raibh maith agat.
Mar a leanas atá Corpoideachas / Spórt ag na páistí
R.1 – An Luan, An Aoine.
R.2 – An Luan, An Aoine.
R.3 – An Luan, An Déardaoin.
R.4 – An Luan, An Déardaoin.
R.5 – An Luan, An Chéadaoin.
R.6 - An Luan, An Chéadaoin.
R.7 - An Luan, An Chéadaoin.

AN CLUB BRICFEASTA

Tá An Club Bricfeasta ar oscailt gach maidin idir 8.15 – 8.45rn Fáilte roimh achan pháiste. **Tugtar faoi dheara, le do thoil: Glactar leis na hordaithe deireanacha don bhricfeasta ar 8.40rn.** Go raibh maith agat.

GOOD-BYE and THANKS to DENISE!

We said good-bye, with a heavy heart, to Mrs. Denise Cooke in June. Denise was with us when Gaelscoil Neachtain was being set up and worked here for ten years since September, 2012. We are very thankful to Denise for all her support and hard work over the years as school crossing patrol lady, lunch supervisor and as cleaner. We wish Denise and her family every success and blessing now and always. Go raibh maith agat, a Denise.

CROSSING PATROL

Gaelscoil Neachtain has contacted the EANI for a new crossing patrol officer. To date, we do not have any further information regarding this. ALL PARENTS, THEREFORE, ARE ASKED TO ENSURE THE SAFETY OF THEIR CHILDREN COMING TO, AND GOING HOME FROM, THE GAELSCOIL. Go raibh maith agat.

O NÉILL SPORTSWEAR

Gaelscoil Neachtain is working with the Neill's company to provide a range of sportswear for sale in time for Christmas. Please use the following link for further information and orders – https://oneills-orders.calashock.app/registration/af2a5a965e51190d9a9ad2f5a088bd2a-938f059b4c28037396a9d2ee829e94b7 (new customers) or https://clubhub.oneills.com (returning customers). **N.B. FRIDAY, 23rd SEPTEMBER, 2022, IS THE DEADLINE FOR ALL ORDERS!**

DUNGIVEN CREDIT UNION SPONSORSHIP

We are very grateful to Dungiven Credit Union who have sponsored the new Gaelscoil sports jerseys. The Gaelscoil children will wear these jerseys when they participate in blitzes, and in other sporting events, during the year. This is a very generous donation – thanks again to the management and to everyone at Dungiven Credit Union.

PE

Children are asked to wear trainers on days they have PE / sport. Go raibh maith agat. Children have PE / Sport as follows -
R.1 – Monday, Friday.
R.2 – Monday, Friday.
R.3 – Monday, Thursday.
R.4 – Monday, Thursday.
R.5 – Monday, Wednesday.
R.6 – Monday, Wednesday.
R.7 – Monday, Wednesday.

BREAKFAST CLUB

The Breakfast Club is open every morning between 8.15 – 8.45am. All children are welcome. **Please note: last orders for breakfast are taken at 8.40am.** Go raibh maith agat.